II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/605 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Aibreán 2021

lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras Afracach na muc

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe" ([1])), agus go háirithe Airteagal 71(3) de

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é fiabhras Afracach na muc a bhíonn ar mhuc-ainmhithe atá ar coimeád agus ar mhuc-ainmhithe fiáine agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta. D'fhéadfadh sé cur isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha. I gcás ráige d'fhiabhras Afracach na muc, tá baol ann go bhféadfadh an t-oibreán galair leathadh idir bunaíochtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád agus i measc meiteadhaonraí muc-ainmhithe fiáine. Is féidir le leathadh an ghalair difear suntasach a dhéanamh do tháirgiúlacht earnáil na feirmeoireachta i ngeall ar chaillteanais dhíreacha agus indíreacha araon.

(2) Ó 1978 i leith, tá víreas fhiabhras Afracach na muc sa tSairdín, an Iodáil, agus ó 2014 i leith, tá ráigeanna den ghalar sin briste amach i mBallstáit eile agus i dtríú tíortha comharsanachta chomh maith. Faoi láthair, is féidir fiabhras Afracach na muc-ainmhithe a mheas mar ghalar eindéimeach i ndaonraí muc-ainmhithe i roinnt tríú tíortha atá ar theorainn an Aontais agus is bagairt leanúnach é do dhaonraí muc-ainmhithe san Aontas. Mar gheall ar staid reatha ghalar fhiabhras Afracach na muc, tá baol ann do shláinte na muc-ainmhithe atá ar coimeád i limistéir nach bhfuil buailte sna Ballstáit lena mbaineann an galar faoi láthair, agus do mhuc-ainmhithe atá ar coimeád i mBallstáit eile, go háirithe i bhfianaise gluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe agus tráchtearraí ó mhuc-ainmhithe.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/709/AE ([2]) ón gCoimisiún, leagtar síos bearta rialaithe sláinte ainmhithe maidir le fiabhras Afracach na muc sna Ballstáit agus leasaíodh é go minic chun forbairtí i staid eipidéimeolaíoch an Aontais a chur san áireamh go príomha maidir leis an ngalar sin agus maidir le fianaise eolaíoch nua. Beidh an maolú sin i bhfeidhm go dtí an 21 Aibreán 2021.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/709/AE ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2014 i dtaca le bearta rialaithe sláinte ainmhithe maidir le fiabhras Afracach na muc i mBallstáit áirithe agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/178/AE (IO L 295, 11.10.2014, lch. 63).

(4) Le Rialachán (AE) 2016/429 bunaítear creat reachtach nua chun galair a chosc agus a rialú, ar in-tarchurtha iad chuig ainmhithe nó go daoine. Tagann fiabhras Afracach na muc faoin sainmhíniú ar ghalar liostaithe sa Rialachán sin, agus tá sé faoi réir na rialacha coisctheacha agus rialaithe galar a leagtar síos ann. Ina theannta sin, in Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ([3]) ón gCoimisiún, liostaítear fiabhras Afracach na muc mar ghalar i gCatagóir A, D agus E a bhíonn ar Suidae, agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ([4]) ón gCoimisiún forlíontar na rialacha maidir le rialú galar i gcatagóir A, B agus C a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/429, lena n-áirítear bearta rialaithe galar maidir le fiabhras Afracach na muc. Beidh feidhm ag na trí ghníomh sin ón 21 Aibreán 2021.

(5) Is gá bearta rialaithe reatha an Aontais maidir le fiabhras Afracach na muc a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2014/709/AE a oiriúnú chun iad a ailíniú leis an gcreat reachtach nua maidir le sláinte ainmhithe a bunaíodh le Rialachán (AE) 2016/429, agus chun rialú an ghalair sin a fheabhsú san Aontas trí rialacha an Aontais a shimpliú ionas go mbeifear in ann bearta rialaithe a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí agus níos gasta. Is gá freisin rialacha an Aontais a ailíniú a mhéid is féidir le caighdeáin idirnáisiúnta, amhail na caighdeáin a leagtar amach i gCaibidil 15.1 "Ionfhabhtú le víreas fhiabhras Afracach na muc" den Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe ([5]) (cód OIE). Ba cheart do na bearta rialaithe a leagtar síos sa Rialachán seo an taithí a fuarthas agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/709/AE á chur i bhfeidhm a chur san áireamh.

(6) I ngeall ar staid eipidéimeolaíoch fhiabhras Afracach na muc sna Ballstáit atá buailte agus ar fud an domhain, tá baol mór ann go leathfaidh an galar sin tuilleadh san Aontas. Leis na bearta ginearálta rialaithe galar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/429 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ní chumhdaítear gach mionsonra sonrach agus gach gné shonrach maidir le leathadh agus staid eipidéimeolaíoch fhiabhras Afracach na muc. Is iomchuí, dá bhrí sin, bearta speisialta rialaithe galar a leagan síos sa Rialachán seo ar feadh tréimhse teoranta ama, faoi choinníollacha atá iomchuí do staid eipidéimeolaíoch fhiabhras Afracach na muc san Aontas.

(7) Ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo do chur chuige réigiúnaithe, ar cheart feidhm a bheith aige de bhreis ar na bearta rialaithe galar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus ba cheart go liostófaí criosanna srianta na mBallstát lena mbaineann ráigeanna d'fhiabhras Afracach na muc nó atá i mbaol toisc iad a bheith i ngaireacht do na ráigeanna sin. Ba cheart na criosanna srianta sin a dhifreáil de réir staid eipidéimeolaíoch fhiabhras Afracach na muc agus de réir an leibhéal riosca agus iad a aicmiú mar chriosanna srianta I, II agus III, agus crios srianta III ag liostú na limistéar ina bhfuil an leibhéal riosca is airde maidir le leathadh an ghalair sin agus ina bhfuil an staid ghalair is tapúla ag dul in olcas i gcás muc-ainmhithe atá ar coimeád. Ba cheart iad a liostú in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus an fhaisnéis a chuir údarás inniúil na mBallstát lena mbaineann ar fáil a mhéid a bhaineann le staid an ghalair á cur san áireamh, prionsabail atá bunaithe ar an eolaíocht agus critéir chun réigiúnú a shainiú go geografach de bharr fhiabhras Afracach na muc agus treoirlínte an Aontais a comhaontaíodh leis na Ballstáit ag an mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha agus atá ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin ([6]) an Choimisiúin, an leibhéal riosca maidir le leathadh fhiabhras Afracach na muc agus staid eipidéimeolaíoch fhoriomlán fhiabhras Afracach na muc sa Bhallstát lena mbaineann, agus sna limistéir chomharsanachta i gcás inarb ábhartha.

(8) Ba cheart aon leasuithe ar chriosanna srianta I, II agus III in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a bheith bunaithe ar chúinsí comhchosúla a úsáideadh le haghaidh liostaithe agus ba cheart caighdeáin idirnáisiúnta a chur san áireamh leo, amhail Caibidil 15.1 "Ionfhabhtú le víreas Afracach fhiabhras na muc" de Chód OIE, amhail a léiriú nárbh ann don ghalar ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad sa chrios nó i dtír. I gcásanna áirithe, agus aird á tabhairt ar an mbonn cirt a thug údarás inniúil na mBallstát lena mbaineann agus ar phrionsabail agus ar chritéir bunaithe ar an eolaíocht chun réigiúnú a shainiú go geografach de bharr fhiabhras Afracach na muc agus treoirlínte atá ar fáil ar leibhéal an Aontais, ba cheart an tréimhse sin a laghdú go trí mhí.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le rialacha i dtaca le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64).

([5]) https://www.oie.int/en/standard-setting/terrestrial-code/access-online/

([6]) https://ec.europa.eu/food/animals/animal-diseases/control-measures/asf_en

(9) Maidir le rioscaí i ndáil le leathadh fhiabhras Afracach na muc, baineann leibhéil éagsúla riosca le gluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe agus tráchtearraí mucúla éagsúla. Mar riail ghinearálta, tá leibhéal riosca níos airde ag baint le gluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe atá ar coimeád, táirgí geirmeacha agus seachtháirgí ainmhithe de bhunadh mucúil ó chriosanna srianta ó thaobh nochtadh agus iarmhairtí de, ná gluaiseachtaí coinsíneachtaí de tháirgí de bhunadh ainmhíoch, lena n-áirítear go háirithe feoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, mar a léirítear sa Tuairim Eolaíoch ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia maidir le Fiabhras Afracach na Muc, a glacadh an 11 Márta 2010 ([7]). Dá bhrí sin, ba cheart toirmeasc a chur ar ghluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe ar coimeád, agus táirgí éagsúla de bhunadh mucúil ó chriosanna srianta II agus III a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, ar bhealach atá comhréireach leis an riosca atá i gceist agus a chuireann san áireamh na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2154 ón gCoimisiún ([8]).

(10) Leis na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ([9]) ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429, a mhéid a bhaineann le formheas bunaíochtaí táirgí geirmeacha, cláir na mbunaíochtaí táirgí geirmeacha atá le coinneáil ag na húdaráis inniúla, na hoibleagáidí atá ar oibreoirí maidir le taifid a choimeád, na ceanglais inrianaitheachta agus sláinte ainmhithe, agus na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe a dheimhniú agus fógra a thabhairt maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha ó ainmhithe talún áirithe atá ar coimeád chun leathadh galar in-tarchurtha ainmhithe laistigh den Aontas ag na táirgí sin a chosc. Ba cheart tagairt a dhéanamh sa Rialachán seo do Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear ar údarás inniúil bunaíochtaí táirgí geirmeacha le haghaidh muc-ainmhithe a choinneáil.

(11) Le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ([10]) leagtar síos rialacha sláinte ainmhithe maidir le seachtháirgí ainmhithe chun na rioscaí do shláinte ainmhithe a eascraíonn as na seachtháirgí sin a chosc agus a íoslaghdú. Ina theannta sin, leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ([11]) ón gCoimisiún rialacha áirithe maidir le sláinte ainmhithe maidir le seachtháirgí ainmhithe a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, lena n-áirítear rialacha maidir leis na ceanglais deimhniúcháin le haghaidh gluaiseachtaí coinsíneachtaí de na seachtháirgí sin san Aontas. Ní chumhdaítear leis na gníomhartha dlíthiúla sin gach sonra agus gné shonrach maidir leis an riosca go leathfaidh fiabhras Afracach na muc trí sheachtháirgí ainmhithe a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III agus seachtháirgí ainmhithe a fhaightear ó mhuc-ainmhithe fiáine ó chriosanna srianta I, II agus III. Is iomchuí, dá bhrí sin, bearta speisialta rialaithe galar a leagan síos sa Rialachán seo maidir le seachtháirgí ainmhithe agus a ngluaiseachtaí ó chriosanna srianta I, II agus III.

(12) Chun na leibhéil éagsúla riosca a chur san áireamh de réir chineál na dtráchtearraí mucúla agus de réir na staide eipidéimeolaíche sna Ballstáit agus sna criosanna srianta lena mbaineann leathadh fhiabhras Afracach na muc, ba cheart go bhforálfaí leis an Rialachán seo do thoirmisc áirithe ar ghluaiseachtaí de chineálacha éagsúla tráchtearraí mucúla a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. Chun suaithí neamhriachtanacha ar thrádáil a sheachaint, ba cheart maoluithe áirithe ar na toirmisc sin agus ar na coinníollacha sonracha sin a leagan síos sa Rialachán seo. Ba cheart na rialacha ginearálta maidir le galair ainmhithe a chosc agus a rialú a leagtar síos cheana i Rialachán (AE) 2016/429 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus prionsabail Chód OIE maidir le bearta maolaithe riosca d'fhiabhras Afracach na muc a chur san áireamh sna maoluithe sin freisin.

([7]) Iris EFSA 2010; (8 (3), lch.:1556.

([8]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2154 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe, deimhniúcháin agus fógra maidir le gluaiseachtaí táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe talún laistigh den Aontas (IO L 431, 21.12.2020, lch. 5).

([9]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunaíochtaí táirgí geirmeacha a fhormheas agus maidir le ceanglais inrianaitheachta agus sláinte ainmhithe i dtaca le gluaiseachtaí táirgí geirmeacha ó ainmhithe talún áirithe atá ar coimeád laistigh den Aontas (IO L 174, 3.6.2020, lch. 1).

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).

([11]) Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle maidir le samplaí agus ítimí atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin treoir sin (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1).

(13) Go ginearálta, baineann riosca níos lú maidir le leathadh galar ainmhithe atá ar coimeád le gluaiseachtaí ainmhithe ar coimeád atá le marú láithreach ná cineálacha eile gluaiseachtaí ainmhithe atá ar coimeád ar choinníoll go bhfuil bearta maolaithe riosca i bhfeidhm. Is iomchuí, dá bhrí sin, go gceadófaí do na Ballstáit lena mbaineann maoluithe ar thoirmisc áirithe a leagtar síos sa Rialachán seo a dheonú go heisceachtúil maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe atá ar coimeád, ó chriosanna srianta II agus III, lena marú láithreach i seamlas atá suite lasmuigh de chriosanna srianta I, II agus III sa Bhallstát céanna. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le coinníollacha sonracha do na maoluithe sin chun a áirithiú nach mbeidh gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád ó chriosanna srianta I, II agus III ina riosca ó thaobh leathadh fhiabhras Afracach na muc-ainmhithe atá ar coimeád.

(14) Tá údar leis na maoluithe maidir le gluaiseachtaí muc-ainmhithe áirithe atá ar coimeád ó chrios srianta II go criosanna srianta eile II nó III de chuid Ballstáit eile ar choinníoll go gcuirtear bearta maolaithe riosca sonracha i bhfeidhm. Chuige sin, ní mór nós imeachta um chainéalú sábháilte a bhunú faoi dhianrialú údaráis inniúla an Bhallstáit seolta, trasnaithe agus cinn scríbe.

(15) Foráiltear le hAirteagal 143 de Rialachán (AE) 2016/429 go mbeidh deimhnithe sláinte ainmhithe ag gabháil le gluaiseachtaí ainmhithe, lena n-áirítear muc-ainmhithe atá ar coimeád. I gcás ina gcuirfear maoluithe ón toirmeasc ar ghluaiseachtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád ó chriosanna srianta I, II agus III i bhfeidhm maidir le coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe atá ar coimeád a bhfuil sé beartaithe iad a aistriú laistigh den Aontas, ba cheart tagairt don Rialachán seo a áireamh sna deimhnithe sláinte ainmhithe sin, chun a áirithiú go soláthrófar faisnéis leormhaith agus chruinn faoi shláinte ainmhithe sna deimhnithe sláinte ainmhithe sin. Is gá maolú a dhéanamh ar na rioscaí a eascróidh as gluaiseachtaí coinsíneachtaí, agus as gluaiseachtaí lena n-úsáid go príobháideach, táirgí feola úire agus aon táirgí eile de bhunadh ainmhíoch a fuarthas ó choirp muc-ainmhithe fiáine, atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine, agus muc-ainmhithe fiáine ó chriosanna srianta I, II agus III laistigh den Bhallstát céanna lena mbaineann agus chuig Ballstáit eile. Ba cheart na rioscaí maidir le leathadh galar a laghdú trí thoirmeasc a chur ar oibreoirí gluaiseachtaí na dtáirgí sin agus gluaiseachtaí muc-ainmhithe fiáine a dhéanamh laistigh de na Ballstáit agus ó na Ballstáit mar a leagtar síos in Airteagal 101 de Rialachán Tarmligthe 2020/688 ([12]) ón gCoimisiún.

(16) Foráiltear le hAirteagal 167(1)(b)(i) agus (ii) de Rialachán (AE) 2016/429 go ngabhfaidh deimhnithe sláinte ainmhithe a eisíonn údarás inniúil an Bhallstáit tionscnaimh le coinsíneachtaí táirgí de bhunadh ainmhíoch, lena n-áirítear coinsíneachtaí de bhunadh mucúil, a cheadaítear iad a aistriú ó chrios srianta a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 71(3) den Rialachán sin faoi réir bearta áirithe rialaithe galar. I gcás ina ndéanfar foráil sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo maidir le maoluithe ar thoirmisc ar ghluaiseachtaí coinsíneachtaí táirgí de bhunadh ainmhíoch ó chriosanna srianta I, II agus III a ghabhann leis na deimhnithe sláinte ainmhithe, ba cheart tagairt don Rialachán seo a chur san áireamh iontu, chun a áirithiú go mbeidh faisnéis leormhaith bheacht faoi shláinte i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2154.

(17) Maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí d'fheoil úr nó phróiseáilte agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I agus II nó a choimeádtar lasmuigh de chriosanna srianta I, II agus III agus a mharaítear i gcriosanna srianta I, II agus III, ba cheart iad a bheith faoi réir ceanglais deimhniúcháin nach bhfuil chomh dian sin chun srianta trádála neamhriachtanacha a bhfuil ualach rómhór ag baint leo a sheachaint. Ba cheart go bhféadfaí gluaiseachtaí coinsíneachtaí ábhartha laistigh de chríoch an Bhallstáit chéanna agus go Ballstáit eile a údarú bunaithe ar na marcanna sláinte nó ar na marcanna aitheantais a chuirtear i bhfeidhm i mbunaíochtaí, ar choinníoll go n-ainmnítear na bunaíochtaí sin i gcomhréir leis an Rialachán seo. Níor cheart do na húdaráis inniúla bunaíochtaí a ainmniú ach amháin má tá na muc-ainmhithe atá ar coimeád agus a dtáirgí atá incháilithe le haghaidh gluaiseachtaí lasmuigh de chriosanna srianta I, II agus III scartha go soiléir ó na hainmhithe agus táirgí sin nach bhfuil incháilithe le haghaidh gluaiseachtaí údaraithe den sórt sin. Maidir leis an bhfeoil úr agus na táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta III, agus an fheoil úr agus na táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta II, mura gcomhlíontar na coinníollacha sonracha maidir le húdarú ghluaiseachtaí na gcoinsíneachtaí sin lasmuigh de limistéar srianta II dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart iad a mharcáil le marcanna speisialta sláinte i gcomhréir leis an Rialachán seo.

([12]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe talún agus uibheacha goir laistigh den Aontas (IO L 174, 3.6.2020, lch. 140).

(18) Ina theannta sin, ba cheart gluaiseachtaí coinsíneachtaí d'fheoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, ó mhuc-ainmhithe atá ar coimeád ó chriosanna srianta III a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a bheith faoi réir coinníollacha níos déine. I gcásanna sonracha, ba cheart feoil úr ó mhuc-ainmhithe atá ar coimeád a mharcáil i gcomhréir leis na ceanglais maidir le marcáil feola úire ó chriosanna cosanta agus faireachais a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 nó ba cheart an fheoil úr agus na táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, ó mhuc-ainmhithe atá ar coimeád a mharcáil le marcanna speisialta nach féidir a mheascadh leis an marc sláinte dá dtagraítear in Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2019/627 ([13]) ná leis an marc aitheantais dá bhforáiltear in Airteagal 5(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ([14]).

(19) Foráiltear le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) 2016/429 go ndéanfaidh an t-údarás inniúil bearta iomchuí chun an pobal a chur ar an eolas faoi chineál aon riosca a bhaineann le hainmhithe nó táirgí agus faoi na bearta a rinneadh nó atá beartaithe chun an riosca sin a chosc nó a rialú. Ba cheart a fhoráil leis an Rialachán seo d'oibleagáidí speisialta faisnéise maidir le fiabhras Afracach na muc a thabharfadh aghaidh ar na rioscaí a bhaineann le gluaiseachtaí coinsíneachtaí d'ainmhithe ionfhabhtaithe, táirgí feola éillithe agus diúscairt neamhdhleathach conablach. Tá sé thar a bheith tábhachtach, dá bhrí sin, cosc a chur ar scaipeadh fhiabhras Afracach na muc a bhfuil baint aige le gníomhaíocht an duine, agus a áirithiú go ndéanfar faisnéis faoi na bearta rialaithe sláinte ainmhithe a leagtar síos sa Rialachán seo, lena n-áirítear srianta ar ghluaiseachtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád agus táirgí ábhartha a chur in iúl go héifeachtach do thaistealaithe, lena n-áirítear taistealaithe de bhóthar nó d'iarnród. Ar an gcúis sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh oibreoirí iompair paisinéirí agus seirbhísí poist aird taistealaithe a tharraingt ar na srianta rialaithe sláinte ainmhithe atá i bhfeidhm sna criosanna sin agus na taistealaithe sin ag gluaiseacht ó chriosanna srianta I, II agus III a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. Ba cheart an fhaisnéis sin a chur in oiriúint don leibhéal riosca le haghaidh leathadh an ghalair sin. Ina theannta sin, maidir le gníomhaíocht chomhordaithe údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann chun dul i ngleic leis an mbaol go leathfaidh fiabhras Afracach na muc, ba cheart go n-áiritheofaí léi go mbeidh an fhaisnéis a scaipfear trí fheachtais feasachta poiblí sonracha oiriúnach dá feidhm.

(20) Is léir ón taithí a fuarthas sa chomhrac i gcoinne fhiabhras Afracach na muc san Aontas go bhfuil gá le maolú riosca áirithe agus le bearta bithshlándála atreisithe chun an galar sin i mbunaíochtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád a chosc, a rialú agus a dhíothú. Ba cheart na bearta sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo agus ba cheart bunaíochtaí atá faoi réir maoluithe a leagtar síos le haghaidh gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III a chumhdach leo.

(21) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (an Comhaontú um Tharraingt Siar), agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/429, agus gníomhartha de chuid an Choimisiúin atá bunaithe air, maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann tar éis dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar. Dá bhrí sin, ba cheart an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann a áireamh sna tagairtí do na Ballstáit sa Rialachán seo.

(22) Ós rud é go mbeidh feidhm ag Rialachán (AE) 2016/429 maidir le Sláinte Ainmhithe le héifeacht ón 21 Aibreán 2021, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo freisin ón dáta sin.

(23) Ba cheart an Rialachán seo leanúint d'fheidhm a bheith aige ar feadh tréimhse seacht mbliana ar a laghad, agus taithí an Aontais sa chomhrac i gcoinne fhiabhras Afracach na muc agus staid eipidéimeolaíoch an ghalair sin sna Ballstáit lena mbaineann á gcur san áireamh. Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([13]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

([14]) Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 ag leagan síos rialacha sonracha sláinteachais do bhia de thionscnamh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) bearta speisialta rialaithe galar maidir le fiabhras Afracach na muc atá le cur i bhfeidhm ar feadh tréimhse teoranta ama ag na Ballstáit ([15]) ina bhfuil criosanna srianta I, II nó III a liostaítear in Iarscríbhinn I (na Ballstáit lena mbaineann).

Tá feidhm ag na bearta speisialta rialaithe galar sin maidir le muc-ainmhithe fiáine agus ar coimeád agus maidir le táirgí a fhaightear ó mhuc-ainmhithe chomh maith leis na bearta is infheidhme sna criosanna cosanta, faireachais, sna criosanna srianta eile a thuilleadh agus sna criosanna ionfhabhtaithe arna mbunú ag údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagail 21(1) agus 63 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

(b) bearta speisialta rialaithe galar maidir le fiabhras Afracach na muc atá le cur i bhfeidhm ar feadh tréimhse teoranta ama ag gach Ballstát.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) gluaiseachtaí coinsíneachtaí díobh seo a leanas:

(i) muc-ainmhithe a choimeádtar i mbunaíochtaí atá lonnaithe i gcriosanna srianta I, II agus III lasmuigh de na criosanna sin;

(ii) táirgí geirmeacha, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus seachtháirgí ainmhithe a fhaightear ó mhuc-ainmhithe atá ar coimeád dá dtagraítear i bpointe (a)(i);

(b) gluaiseachtaí díobh seo a leanas:

(i) coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe fiáine sna Ballstáit uile;

(ii) coinsíneachtaí agus gluaiseachtaí lena n-úsáid go príobháideach ag sealgairí táirgí de bhunadh ainmhíoch agus seachtháirgí ainmhithe a fhaightear ó mhuca fiáine sna criosanna srianta I, II agus III nó a phróiseáiltear i mbunaíochtaí atá suite i gcriosanna srianta I, II agus III;

(c) oibreoirí gnólachtaí bia a láimhseálann coinsíneachtaí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b);

(d) gach Ballstát maidir le feasacht a ardú faoi fhiabhras Afracach na muc.

3. Leis na rialacha dá dtagraítear i mír 1, cumhdaítear an méid seo a leanas:

(a) leagtar síos i gCaibidil II rialacha speisialta maidir le criosanna srianta I, II agus III a bhunú i gcás ina mbeidh ráig d'fhiabhras Afracach na muc ann agus i gcás ina gcuirfear bearta speisialta rialaithe galar i bhfeidhm sna Ballstáit uile;

(b) leagtar síos i gCaibidil III bearta speisialta rialaithe galar is infheidhme maidir le coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III agus táirgí a dhéantar astu sna Ballstáit lena mbaineann;

(c) leagtar síos i gCaibidil IV bearta speisialta maolaithe riosca maidir le fiabhras Afracach na muc le haghaidh gnólachtaí bia sna Ballstáit lena mbaineann;

(d) leagtar síos i gCaibidil V bearta speisialta rialaithe galar is infheidhme maidir le muc-ainmhithe fiáine sna Ballstáit;

(e) i gCaibidil VI, leagtar síos oibleagáidí speisialta faisnéise agus oiliúna sna Ballstáit;

(f) leagtar síos forálacha críochnaitheacha i gCaibidil VII.

([15]) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha an Rialacháin seo, baineann tagairtí do na Ballstáit leis an Ríocht Aontaithe i dtaca le Tuaisceart Éireann de.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

Sa bhreis air sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "muc-ainmhí" ainmhí de na speicis crúbach den fhine *Suidae* a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/429;

(b) ciallaíonn "táirgí geirmeacha" seamhan, úicítí agus suthanna mucúla a fhaightear ó mhuc-ainmhithe atá ar coimeád lena n-atáirgeadh saorga;

(c) ciallaíonn "crios srianta I" limistéar Ballstáit a liostaítear i gCuid I d'Iarscríbhinn I a bhfuil teorannú geografach beacht leis atá faoi réir bearta speisialta rialaithe galar agus a bhfuil teorainn aige le criosanna srianta II nó III;

(d) ciallaíonn "crios srianta II" limistéar Ballstáit a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn I a bhfuil teorannú geografach beacht leis atá faoi réir bearta speisialta rialaithe galar;

(e) ciallaíonn "crios srianta III" limistéar ballstát a liostaítear i gCuid III d'Iarscríbhinn I a bhfuil teorannú geografach beacht leis atá faoi réir bearta speisialta rialaithe galar;

(f) ciallaíonn "Ballstát saor ó ghalair roimhe sin" Ballstát nár deimhníodh fiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád ann le linn na tréimhse dhá mhí dhéag roimhe sin;

(g) ciallaíonn "ábhair i gCatagóir 2" seachtháirgí ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 a fhaightear ó mhuc-ainmhithe atá ar coimeád;

(h) ciallaíonn "ábhair i gCatagóir 3" seachtháirgí ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 a fhaightear ó mhuc-ainmhithe atá ar coimeád.

CAIBIDIL II

RIALACHA SPEISIALTA MAIDIR LE CRIOSANNA SRIANTA I, II AGUS III A BHUNÚ I gCÁS RÁIGE D'FHIABHRAS AFRACACH NA MUC AGUS BEARTA SPEISIALTA RIALAITHE GALAR A CHUR I bhFEIDHM SNA BALLSTÁIT UILE

Airteagal 3

Rialacha speisialta maidir le criosanna srianta agus criosanna ionfhabhtaithe a bhunú i gcás ráige d'fhiabhras Afracach na muc

I gcás ráige d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád nó i muc-ainmhithe fiáine, socróidh údarás inniúil an Bhallstáit ceann den dá rud seo a leanas:

(a) i gcás ráige i muc-ainmhithe atá ar coimeád, crios srianta i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal sin; nó

(b) i gcás ráige i muc-ainmhithe fiáine, crios ionfhabhtaithe i gcomhréir le hAirteagal 63 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

Airteagal 4

Rialacha speisialta maidir le crios srianta breise a bhunú i gcás ráige d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád nó i muc-ainmhithe fiáine

1. I gcás ráige d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád nó i muc-ainmhithe fiáine, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit, ar bhonn na gcritéar agus na bprionsabal maidir le teorannú geografach na gcriosanna srianta a leagtar síos in Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/429, crios srianta breise a bhunú a mbeidh teorainn aige leis an gcrios srianta bunaithe nó leis an gcrios ionfhabhtaithe dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo chun na criosanna sin a scaradh ó limistéir neamhshrianta.

2. Áiritheoidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann go bhfreagraíonn an crios srianta breise dá dtagraítear i mír 1 don chrios srianta I a liostaítear i gCuid I d'Iarscríbhinn I i gcomhréir le hAirteagal 5.

Airteagal 5

Rialacha speisialta maidir le criosanna srianta I a liostú i gcás ráige d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád nó i muc-ainmhithe fiáine i limistéar Ballstáit a bhfuil teorainn aige le limistéar nach bhfuil aon ráig d'fhiabhras Afracach na muc deimhnithe go hoifigiúil ann

1. Tar éis ráige d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád nó i muc-ainmhithe fiáine i limistéar an Bhallstáit, a bhfuil teorainn aige le limistéar nach bhfuil aon ráig d'fhiabhras Afracach na muc deimhnithe go hoifigiúil i muc-ainmhithe atá ar coimeád ann nó i muc-ainmhithe fiáine ann, déanfar an limistéar sin a liostú, más gá, i gCuid I d'Iarscríbhinn I mar chrios srianta I.

2. Tar éis limistéar a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn I mar chrios srianta I, áiritheoidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann go ndéanfar crios srianta breise a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 64(1) de Rialachán 2016/429 a choigeartú gan mhoill chun go gcuimseofar, ar a laghad, crios srianta ábhartha I a liostaítear in Iarscríbhinn I le haghaidh an Bhallstáit sin.

3. Bunóidh údarás inniúil an Bhallstáit gan mhoill an crios srianta breise ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 64(1) de Rialachán 2016/429, má liostaítear an crios srianta I in Iarscríbhinn I.

Airteagal 6

Rialacha speisialta maidir le criosanna srianta II a liostú i gcás ráige d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe fiáine i mBallstát

1. Tar éis ráige d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe fiáine i limistéar Ballstáit, liostófar an limistéar sin mar chrios srianta II i gCuid II d'Iarscríbhinn I.

2. Áiritheoidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann go ndéanfar an crios ionfhabhtaithe a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 63 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a choigeartú gan mhoill chun go gcuimseoidh sé ar a laghad crios srianta ábhartha II a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo i gcás an Bhallstáit sin.

Airteagal 7

Rialacha speisialta maidir le criosanna srianta III a liostú i gcás ráige d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád sa Bhallstát

1. Tar éis ráige d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád i limistéar Ballstáit, liostófar an limistéar sin mar chrios srianta III i gCuid III d'Iarscríbhinn I.

Mar sin féin, i gcás nár deimhníodh ach an chéad ráig agus an t-aon ráig amháin d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád i limistéar Ballstáit a bhí saor ó ghalair roimhe sin, ní dhéanfar an limistéar sin a liostú mar chrios srianta III i gCuid III d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Áiritheoidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann go ndéanfar an crios srianta a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a choigeartú gan mhoill chun go gcuimseofar, ar a laghad, crios srianta ábhartha III a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo i gcás an Bhallstáit sin.

Airteagal 8

Cur i bhfeidhm ginearálta na mbeart speisialta rialaithe galari gcriosanna srianta I, II agus III

Déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann na bearta speisialta rialaithe galar a leagtar síos sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm i gcriosanna srianta I, II agus III sa bhreis ar na bearta rialaithe galar atá le cur i bhfeidhm i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 sna limistéir seo a leanas:

(a) limistéir shrianta a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) limistéir ionfhabhtaithe a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 63 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

CAIBIDIL III

BEARTA RIALAITHE GALAR IS INFHEIDHME MAIDIR LE COINSÍNEACHTAÍ MUC-AINMHITHE A CHOIMEÁDTAR I gCRIOSANNA SRIANTA I, II AGUS III AGUS TÁIRGÍ A DHÉANTAR ASTU SNA BALLSTÁIT LENA mBAINEANN

ROINN 1

Toirmisc shonracha a chur i bhfeidhm ar choinsíneachtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád agus a dtáirgí sna ballstáit lena mbaineann

Airteagal 9

Toirmisc shonracha i ndáil le gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III lasmuigh de na criosanna sin

1. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann toirmeasc ar ghluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III lasmuigh de na criosanna sin.

2. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a chinneadh nach mbeidh feidhm ag an toirmeasc dá bhforáiltear i mír 1 maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcrios srianta I maidir le bunaíochtaí atá lonnaithe i gcriosanna srianta eile I, II agus III nó lasmuigh de na criosanna sin ar choinníoll go bhfuil an bhunaíocht chinn scríbe suite i gcríoch an Bhallstáit chéanna lena mbaineann.

Airteagal 10

Toirmisc shonracha i ndáil le gluaiseachtaí coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III lasmuigh de na criosanna sin

Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann toirmeasc ar ghluaiseachtaí coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III lasmuigh de na criosanna sin.

Airteagal 11

Toirmisc shonracha maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí de sheachtháirgí ainmhithe a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III lasmuigh de na criosanna sin

1. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann toirmeasc ar ghluaiseachtaí coinsíneachtaí de sheachtháirgí ainmhithe a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III lasmuigh de na criosanna sin.

2. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a chinneadh nach mbeidh feidhm ag an toirmeasc dá bhforáiltear i mír 1 maidir le seachtháirgí ainmhithe a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar lasmuigh de chriosanna srianta II agus III agus a mharaítear i seamlais atá suite i gcriosanna srianta II agus III ar choinníoll go scarfar go soiléir na seachtháirgí ainmhithe sin i mbunaíochtaí agus le linn a n-iompair ó sheachtháirgí ainmhithe a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III.

Airteagal 12

Toirmisc shonracha i ndáil le gluaiseacht coinsíneachtaí d'fheoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III lasmuigh de na criosanna sin

1. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann toirmeasc ar choinsíneachtaí d'fheoil úr agus táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III lasmuigh de na criosanna sin.

2. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a chinneadh nach mbeidh feidhm ag an toirmeasc dá bhforáiltear i mír 1 maidir le táirgí feola, lena n-áirítear cásálacha, a fhaightear ó mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus III, a ndearnadh an chóireáil ábhartha orthu i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, maidir le fiabhras Afracach na muc, i mbunaíochtaí arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 41(1) den Rialachán seo.

Airteagal 13

Toirmisc ghinearálta maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe ar coimeád agus a dtáirgí a meastar gur riosca iad maidir le fiabhras Afracach na muc a leathadh

Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann, laistigh de chríoch an Bhallstáit chéanna, toirmeasc a chur ar ghluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe ar coimeád agus ar tháirgí a fhaightear ó mhuc-ainmhithe ar coimeád má mheasann an t-údarás inniúil go baol ann go leathfaidh fiabhras Afracach na muc chuig na muc-ainmhithe sin, uathu nó tríothu nó go leathfaidh an fiabhras chuig a dtáirgí, uathu nó tríothu.

ROINN 2

Coinníollacha ginearálta agus sonracha maidir le maoluithe lena n-údaraítear gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta i, ii agus iii lasmuigh de na criosanna sin

Airteagal 14

Coinníollacha ginearálta maidir le maoluithe ar thoirmisc shonracha i ndáil le gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III lasmuigh de na criosanna sin

1. De mhaolú ar na toirmisc shonracha dá bhforáiltear in Airteagal 9(1), féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III a údarú lasmuigh de na criosanna sin sna cásanna a chumhdaítear le hAirteagail 22, 23, 24, 25, 28 agus 29 agus faoi na coinníollacha sonracha dá bhforáiltear sna hAirteagail sin, agus:

(a) na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 28(2) go (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687; agus

(b) na coinníollacha ginearálta maidir leis an méid seo a leanas:

(i) gluaiseachtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád ó chriosanna srianta I, II agus III a leagtar síos in Airteagal 15;

(ii) bunaíochtaí le haghaidh muc-ainmhithe atá ar coimeád atá lonnaithe i gcriosanna srianta I, II agus III a leagtar síos in Airteagal 16;

(iii) na modhanna iompair a úsáidtear chun muc-ainmhithe atá ar coimeád a iompar ó chriosanna srianta I, II agus III a leagtar síos in Airteagal 17.

2. Sula ndeonófar údaruithe dá bhforáiltear in Airteagail 22 go 25 agus 28 go 30, déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann measúnú ar na rioscaí a eascraíonn as na húdaruithe sin agus ní mór a léiriú sa mheasúnú sin gur diomaibhseach an riosca go leathfaidh fiabhras Afracach na muc.

3. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a chinneadh nach mbeidh feidhm ag na coinníollacha ginearálta breise dá dtagraítear in Airteagail 15 agus 16 maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i seamlais atá suite i gcriosanna srianta I, II agus III ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) nach mór na muc-ainmhithe atá ar coimeád a aistriú go seamlas eile mar gheall ar imthosca eisceachtúla, amhail cliseadh mór sa seamlas;

(b) go bhfuil an seamlas cinn scríbe suite i gceann den dá áit seo a leanas:

(i) i gcriosanna srianta I, II nó III den Bhallstát céanna; nó

(ii) in imthosca eisceachtúla, nuair nach ann do na seamlais dá dtagraítear i bpointe (b)(i), lasmuigh de chriosanna srianta I, II nó III i gcríoch an Bhallstáit chéanna;

(c) go bhfuil an ghluaiseacht údaraithe ag údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann.

Airteagal 15

Coinníollacha ginearálta breise maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III lasmuigh de na criosanna sin

1. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann gluaiseachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta I, II agus III a údarú lasmuigh de na criosanna sin sna cásanna a chumhdaítear le hAirteagail 22 go 25 agus 28 go 30 faoi na coinníollacha sonracha dá bhforáiltear sna hAirteagail sin ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) gur coimeádadh na muc-ainmhithe isteach agus nár aistríodh iad ón mbunaíocht seolta ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh an dáta gluaiseachta, nó ó rugadh iad, má tá siad níos óige ná 30 lá d'aois, agus i rith na tréimhse sin nár tugadh aon mhuc-ainmhithe eile atá ar coimeád isteach ó chriosanna srianta II agus III:

(i) an bhunaíocht sin; nó

(ii) go ndearnadh an t-aonad eipidéimeolaíoch ina raibh na muc-ainmhithe le haistriú a choinneáil go hiomlán scartha. Cinnfidh an t-údarás inniúil, tar éis measúnú riosca a dhéanamh, teorainneacha an aonaid eipidéimeolaíoch sin lena ndeimhnítear go n-áirithítear, leis an struchtúr, méid agus fad idir aonaid eipidéimeolaíocha éagsúla agus na hoibríochtaí atá á ndéanamh, saoráidí ar leith le haghaidh muc-ainmhithe atá ar coimeád ó thaobh tithíocht a chur ar fáil dóibh, iad a choimeád agus a bheathú ionas nach féidir le víreas Afracach fhiabhras na muc leathadh ó aonad eipidéimeolaíoch amháin go ceann eile;

(b) go ndearnadh scrúdú cliniciúil ar na muc-ainmhithe a choimeádtar sa bhunaíocht seolta, lena n-áirítear na hainmhithe sin atá le haistriú nó le húsáid chun táirgí geirmeacha a bhailiú, scrúdú a raibh torthaí fabhracha air maidir le fiabhras Afracach na muc:

(i) ag tréidlia oifigiúil;

(ii) laistigh den tréimhse 24 uair an chloig roimh am gluaiseachta na coinsíneachta muc-ainmhithe nó roimh an am ar bailíodh táirgí geirmeacha; agus

(iii) i gcomhréir le hAirteagal 3(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus le pointe A.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis.

(c) más gá, agus ag leanúint treoracha ón údarás inniúil, go ndearnadh tástálacha sainaitheantais pataigine roimh dháta gluaiseachta na coinsíneachta ón mbunaíocht seolta nó roimh dháta bailithe na dtáirgí geirmeacha:

(i) tar éis an scrúdaithe chliniciúil ar mhuc-ainmhithe a choimeádtar sa bhunaíocht dá dtagraítear i bpointe (b), lena n-áirítear na hainmhithe sin atá le haistriú nó le húsáid chun táirgí geirmeacha a bhailiú; agus

(ii) i gcomhréir le pointe A.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

2. Gheobhaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann, i gcás inarb ábhartha, torthaí diúltacha ar thástálacha sainaitheantais pataigine dá dtagraítear i bpointe (1)(c) sula n-údarófar gluaiseacht na coinsíneachta.

3. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann an méid seo a leanas a chinneadh, i gcás gluaiseachtaí coinsíneachtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád ó bhunaíochtaí seolta atá suite i gcriosanna srianta I agus II, go dtí bunaíochtaí atá suite laistigh den Bhallstát céanna lena mbaineann, an scrúdú cliniciúil dá dtagraítear i mír (1)(b):

(a) nach ndéanfar é ach amháin chun ainmhithe a aistriú; nó

(b) nach gá é a dhéanamh, ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(i) gur thug tréidlia oifigiúil cuairt ar bhunaíocht seolta a mhinice dá dtagraítear in Airteagal 16(a)(i) agus go raibh toradh fabhrach ar na cuairteanna uile a thug tréidlia oifigiúil ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad roimh dháta na gluaiseachta, lena léirítear an méid seo a leanas:

— cuireadh na ceanglais bhithshlándála dá dtagraítear in Airteagal 16(b) chun feidhme sa bhunaíocht seolta;

— rinne tréidlia oifigiúil scrúdú cliniciúil a raibh torthaí fabhracha air maidir le fiabhras Afracach na muc le linn na gcuairteanna sin ar na muc-ainmhithe a choimeádtar sa bhunaíocht seolta i gcomhréir le hAirteagal 3(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus pointe A.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis;

(ii) bhí an faireachas leanúnach dá dtagraítear in Airteagal 16(c) ar bun i mbunaíocht seolta ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad roimh dháta na gluaiseachta.

Airteagal 16

Coinníollacha ginearálta breise maidir le bunaíochtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád atá suite i gcriosanna srianta I, II agus III

1. Ní údaróidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann gluaiseachtaí muc-ainmhithe a choimeádtar i mbunaíochtaí atá suite i gcriosanna srianta I, II agus III ach amháin lasmuigh de na criosanna sin sna cásanna a chumhdaítear le hAirteagail 22 go 25 agus 28 go 30 agus faoi na coinníollacha sonracha dá bhforáiltear sna hAirteagail sin ar choinníoll:

(a) go bhfuil cuairt tugtha ag tréidlia oifigiúil ar an mbunaíocht seolta uair amháin ar a laghad tar éis liostú na gcriosanna srianta I, II agus III in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo nó le linn thréimhse trí mhí roimh an ngluaiseacht, agus go bhfuil sí faoi réir cuairteanna rialta ó thréidlianna oifigiúla dá bhforáiltear in Airteagal 26(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 mar seo a leanas:

(i) sna criosanna srianta I agus II: ar a laghad dhá uair sa bhliain, agus eatramh ceithre mhí ar a laghad ann idir na cuairteanna sin;

(ii) i gcrios srianta III: uair amháin gach trí mhí ar a laghad.

Féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh cuairteanna a thabhairt ar an mbunaíocht i gcrios srianta III a mhinice dá dtagraítear i mír (a)(i) bunaithe ar thoradh fabhrach na cuairte deiridh tar éis liostú na gcriosanna srianta I, II agus III in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo nó le linn thréimhse trí mhí roimh an ngluaiseacht, lena léirítear gur cuireadh na ceanglais bhithshlándála dá dtagraítear i mír (b) chun feidhme agus go bhfuil an faireachas leanúnach dá dtagraítear i mír (c) á chur i bhfeidhm sa bhunaíocht sin.

(b) go gcuireann an bhunaíocht seolta ceanglais bhithshlándála chun feidhme maidir le fiabhras Afracach na muc:

(i) i gcomhréir leis na bearta bithshlándála athneartaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn II; agus

(ii) de réir mar atá bunaithe ag an mBallstát atá i gceist;

(c) go ndéantar faireachas leanúnach trí thástáil le tástálacha sainaitheantais pataigine le haghaidh fhiabhras Afracach na muc i mbunaíocht seolta:

(i) i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus le hIarscríbhinn I a ghabhann leis;

(ii) tástálacha a bhfuil torthaí diúltacha orthu gach seachtain ar an gcéad dá mhuc-ainmhí mharbha ar coimeád atá os cionn 60 lá d'aois nó, murab ann d'ainmhithe marbha den sórt sin atá os cionn 60 lá d'aois, ar mhuc-ainmhithe marbha atá ar coimeád tar éis iad a bhaint den diúl, i ngach aonad eipidéimeolaíoch;

(iii) ar a laghad ar feadh na tréimhse faireacháin le haghaidh fhiabhras Afracach na muc a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 roimh ghluaiseacht na coinsíneachta ón mbunaíocht seolta.

2. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a chinneadh nach mbeidh gá leis an bhfálú stocdhíonach dá bhforáiltear i bpointe (2)(h) d'Iarscríbhinn II dá dtagraítear i mír (1)(b)(i) den Airteagal seo i gcás bunaíochtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád ar feadh tréimhse trí mhí tar éis na chéad ráige d'fhiabhras Afracach na muc sa Bhallstát sin ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) go bhfuil measúnú déanta ag údarás inniúil an Bhallstáit ar na rioscaí a eascraíonn as an gcinneadh agus go léirítear sa mheasúnú sin gur diomaibhseach an baol go leathfaidh fiabhras Afracach na muc;

